2026/2363

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2363 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/927 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine trí armlón a sholáthar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh na Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, mar shampla, gníomhaíochtaí chun na hacmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) An 5 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/927 ([2]), lena mbunaítear beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine trí urchair airtléire dar calabra 155-mm agus, arna iarraidh sin, diúracáin, arna bhfáil trí sholáthar comhpháirteach ón tionscal cosanta Eorpach a sholáthar chomh tapa is féidir. Is ar bhonn conarthaí soláthair nó orduithe ceannaigh a d'éirigh leis na Ballstáit urchair airtléire a sheachadadh chuig an Úcráin.

(3) Bunaithe ar shonraí cur chun feidhme an bhirt cúnaimh faoi Chinneadh (CBES) 2023/927, ba cheart an méid tagartha airgeadais a leagtar amach sa Chinneadh sin a leasú ionas go gcomhfhreagraíonn sé do thionchar airgeadais na n-orduithe incháilithe le haghaidh seachadtaí armlóin chuig an Úcráin ar an tSaoráid Eorpach Síochána.

(4) I bhfianaise chogadh foghach leanúnach Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, ba cheart an chuid eile den mhéid tagartha airgeadais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2023/927, eadhon EUR 670 971 859,54, a leithdháileadh ar an mbeart cúnaimh faoi Chinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle ([3]) chun go gcumhdófar maoiniú soláthair trealaimh mhíleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/927 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh (CBES) 2023/927, leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. EUR 329 028 140,46 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/927 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2023 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine trí armlón a sholáthar (IO L 123, 8.5.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/927/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/338/oj).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 329 028 140,46. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON